

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2020

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC
(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tugann an sliocht, ‘Mo Thuras Abhaile Dom’, le Muiris Ó Súilleabháin, léargas spéisiúil ar mhothúcháin bhuachalla óig ag am tábhachtach ina shaol.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Léiríonn an t-alt nuachtáin, ‘Scéalta as Tír na nÓg,’ le Liam Ó Muirthile, go raibh stíl iriseoireachta ar leith ag an údar.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair do stíl an ailt mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Baintear sár-úsáid as foirm na haislinge sa dán, ‘Úirchill an Chreagáin,’ le hArt Mac Cumhaidh, chun cruachás na hÉireann san ochtú haois déag a phlé.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ÚIRCHILL AN CHREAGÁIN

Ag Úirchill an Chreagáin a chadail mé aréir faoi bhrón
is le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig;
bhí gríos-ghrua ghartha aici 'gus lannir ina céibh mar ór
's gurb é íocshláinte an damhain bheith ag amharc ar an ríoghain óig.

'A fhialfhir charthanaigh, ná caitear thusa i ndéalramh bróin
ach éirigh 'do sheasamh 'gus aistrigh liom siar sa ród
go tír dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill
mar 'bhfaighir aoibhneas ar hallaibh do do mhealladh le siansa ceoil.'

'Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcrúinníonn siad na ríthe d'ór
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid 'tá sa tír go fóill;
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,
dá dtréigfinn anois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.'

'Cha shílim gur caraid duit a maireann de do ghaoltaibh beo-
tá tú faofa, gan earra, bocht earraoideach, baoth, gan dóigh;
nach mb'fhearr dhuitse imeacht le hainnir na maothchrobh meor
nó an tírse a bheith ag fanóid faoi gach rabhán dá ndéan tú 'cheol?'

'A ríoghain deas mhilis, an tú Helen far tréaghdadh sló
nó an de na naoi mná deasa thú ó Pharnassus bhí déanta i gcló?;
cá tír insa chruinne 'nar hoileadh thú, a réalt gan cheo,
lér mhian leat mo shamhailse a bheith ag cagarnaigh leat siar sa ród?'

'Ná fiafraigh dhíom ceastaibh óir cha gcadlaim ar an taobhsa 'Bhóinn;
is síogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig';
i mbrúin cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,
san oíche ag Teamhair 's ar maidin i gclár Thír Eoghain.'

"S é mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain
agus oidhribh an Fheadha gan seaghais faoi léig 'ár gcóir,
géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol
is chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh.'

'Ó tréaghdadh na treabhaibh bhí in Eachroim is fa-raoir! fan mBóinn,
sliocht Íre, na flathaibh bhéaradh foscadh do gach draoi dán ghleo,
nach mb'fhearr dhuitse sna liosaibh agus mise le do thaoibh gach neoin
ná saighde chlann Bhullaí a bheith ag tolladh fá do chroí go deo?'

'A ríoghain deas mhilis, más cinniúin damh tú féin mar stór,
tabhair léagsa is gealladh damh sul fá n-aistre mé leat siar sa ród,
má éagaim fán tSeanainn, i gcrích Mhanainn nó san Éiphte mhór
gurb i gcill chumhra an Chreagáin a leagfar mé i gcré faoi fhód.'

4. "Baintear úsáid éifeachtach as meafair agus as íomhánna sa dán, 'Ceol an Bhainne', le Bríd Dáibhís, chun léargas a thabhairt ar an bhfeirmeoireacht." Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra. (40 marc)

CEOL AN BHAINNE
(do Mháire Sheán Shiúnach)

Tá Máire ag bleán sa bhuaile,
Glúin amháin feachta,
A ceann le ceathrú na bó
Tá sí deighilte uainn
Go ceann tamaill.

Airím ceol an bhainne
Agus é ag baint leis an stán;
Ceol ársa a cumadh i bhfad siar.
Tá cogaint na círe
Ag teacht leis an rithim,
Le hardú is ísliú na lámh,
Leis an steall ar chúr an lachta.

Guíonn Bríd Pheadar Mháirtín
Bail ó Dhia ar an obair
Ag dul thar bráid di.
Is cuí an bheannacht í
In ionad 'Haigh!'
Agus bainne na beatha
Á thál orainn.